Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 28 Lúnasa 2026**

**CM 3867/1/26**
**REV 1**

**INF**
**API**
**PROCED**

# TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | Mr Fernando Florindo<br>council.transparency@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2-281.6196 |
| Ábhar: | ROCHTAIN PHOIBLÍ AR DHOICIMÉID<br>– Iarratais dearbhúcháin Uimh. 40/c/01/26 agus Uimh. 42/c/01/26<br>– An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh<br>**– Síneadh leis an sprioc-am go dtí an 1 Meán Fómhair 2026, MEÁN LAE (am na Bruiséile)** |

I gcomhréir le forálacha Airteagal 12 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh leis an méid a leanas:

1. go n-úsáidfí an nós imeachta i scríbhinn chun na freagraí dá dtagraítear thíos, a bhaineann le hiarratais dearbhúcháin Uimh. 40/c/01/26 agus Uimh. 42/c/01/26, a fhormheas;

2. go bhformheasfadh an Chomhairle na freagraí ar iarratais dearbhúcháin:
   (a) Uimh. 40/c/01/26, mar a leagtar amach in 12174/26 é;
   (b) Uimh. 42/c/01/26, mar a leagtar amach in 12208/26 é;

3. go ndéanfaí toradh an nós imeachta seo i scríbhinn a fhoilsiú, lena n-áirítear ainmneacha na mBallstát a vótálfaidh NÍ AONTAÍMID mar fhreagra ar an dara ceist nó a staonfaidh ón vótáil, mar aon leis na ráitis aontaobhacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

Féadfaidh sibh AONTAÍMID nó NÍ AONTAÍMID a thabhairt mar fhreagra ar gach ceist; féadfaidh sibh STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra ar an dara ceist agus ar an tríú ceist freisin.

I gcás cheist 2, féadfaidh sibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra ar gach iarratas dearbhúcháin aonair más mian libh; murach sin, tuigfear go bhfuil aon cheann de na freagraí AONTAÍMID/NÍ AONTAÍMID/STAONAIMID bailí maidir leis an dá iarratas dearbhúcháin.

Ní mór aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh ar leithligh.

**Ba cheart na freagraí a sheoladh chuig Ardrúnaíocht na Comhairle le ríomhphost (council.transparency@consilium.europa.eu) faoi MHEÁN LAE Dé Máirt, an 1 Meán Fómhair 2026 ar a dhéanaí, lena gcur faoi bhráid Fernando Florindo COMM.2.C, Seirbhísí Faisnéise / Trédhearcacht.**